

MEITHEAMH

An Riabhóg móna – gor ó Aibreán go deire Iúil

Giolla na Cuaic

Caológ Riabhach

An cuachóg i nÁrainn, i nIorrus Beag

Gearse beag san aéir

An fháinleog

An loch; Cearca Ceannann

Fhaochain, ducaire

Na Lachain

Ladhrán dearg, nead agus eilteog

An ghealbhan giolcaighe

An caislín dearg

An lon abhainn

Giolla na cuaiche cuach agus lon (1934)

An cuachóg

Dreoilín easpuig

Glasóg léanna na cinn óga na meanntáin

Éanacha óga

1925 Ceolaire Sailighe ar fud Chonamara
 An Chlochán Mám, Gaillimh, Coilchoill

Éanacha óga i mí Meithimh Leabhar '25

1927 margadh na n-éan luach na n-éan
1928-9 Ceolaire cíbe Bealtaine notaí
 an ghilphiob is mór le rádh í an mhí seo
 na fuisioga ag ceileabhar 1000 troigh
 nead pilibín
 ceol an loin notaí mhí Bhealtaine
1930 corr éisg ag fainneáil
 lachain óga ins na trínnsí
1931 An fheadóg bhuidhe
 Nead gleoisighe
 Lonabhainn
 Meanntáin ghorma – cinn óga
 Ducaire na cinn óga Loch Sindile
 Fáinleoga óga, gealbhan giolcaighe.

Meitheamh

1931 26 fainleoga a suipeachan

1932	1	lá riabhóg, smólaigh, loin, tradhnach, cuach
	9	meanntáin óga, nead,
	11	gallán binne
	13	faochain
		gé fhiadháin
		ducaire
	16-17	Poll an tSagairt. Seirg, bhuighbhinneacha, geoleóig
		Faochain
		Cearca ceannanna
		Lachain óga
		Cearc uisge
		Na héin atá le clos ar na oileáin
1933		nead spideoige i mbosga
		nead spideoige i bpoll sa talamh
	9	smolach mór a beathú na n-óg
	13	buidheann fuiseóg
	14	feadóg
	24	fáinleoga
1934		cuach agus lon
1935		fainleog agus spideog ag ceol ag a 4 ar maidin
		glasóg liath (léana)

Bhí an gor ar a mhéid an mhí seo caithte ag éanacha ceoil. An duine nár chaith formhór na h-aimsire ar an bhfarraige, bhí iongantais le feicéal aige, chois na bfál agus ar colbha na coille, agus ins na tomacha. Níl an gor thart fós, agus tá na héin bheaga go cruadhógach ag tógáil na n-óg. Tá an bheatha go fairsing, an t-am seo den bhliain, agus is eol dona sean-éanaibh, tuismightheoirí, an bheatha bhog bhlasta a fheileas don ghoile lag. Má bhír ag faire, chídhdhídh tú lán guib de mhíoltóga, de chuileoga, de liúnaigh ag sean-éin agus é ag triall ar an nid. Íosfaidh sé féin na siolraidí cruadha, b'fhéidir, ach sé an greim bog a bhailigheas sé, do na sgalltáin, nó na leipreacháin mar thugas páistí na Gaeltachta ar na cinn óga.

gearraigh na feadóige fáinne
faoileáin breac go dtigh neart
ionnta agus éanacha nach iad
feadhóga fháinneach san snáth mara
lachain óga a' siubhal ar an uisge

seed eaters feed their young on a great deal of insect food
the twit feeds its young on seeds of upland grasses
the linnet, reed bunt and greenfinch feed young by regurgitation
the main food of seed eating birds when in nest is of an animal nature
sparrows grils
linnet spigneanta

dorsal
lobe
midifuga
snuggles (cochluigheann)
crouch (cromain)
dimorphic
instinctive reflex
surroundings
isabelline
crustaceans
molluscs
passerine
insectivorous
regurgitations
cephalopods
pelvic girdle

Bíonn folach maith, ar neadracha na min éin an uair a bhíos breith agus gor ar siubhal, agus is deacair iad a aimsiú san duilleabhar, nó sa bhféar, ach chomh luath agus bhíos na gearraigh dearga ar na huibheacha, bíonn ialach ar na sean-éanacha beatha a sholáthar dóibh. Bíonn ortha imtheacht amach ag seilg agus ag bailiú beathadh, agus filleann siad ar an nid go minic. Is dall an tsúil nach dtiubhradh faoi deara, an lán guib aca san am sin, agus má déantar faire ar feadh achair bhig, feicfear an ball ar a mbíonn a dtriall. Sa mball sin bíonn an nead.

“Níor sgoilt cearc an áil, a hiogán féin ariamh”. adeir seanfhocal, a chialluigheas go mb’fhéarr léithe féin bheith ar bheagán ná na héin óga a fhágáil gan a sáith. Ní baineann an seanfhocal le gach uile éan. Tá cinnéalacha éan ann, agus muna n-itheann siad féin a sáith, ní bhíonn fairsinge aca do na gearraigh. Na cineálacha seo, is amhlaidh nach dtugann siad an bheatha amh do na gearraigh. Sluigeann siad féin an bheatha, idir cuileoga, liúin, síolanna, siad sean-iogán go ndéantar dileagha beag uirthi. Nuair a bhíos an díleaghadh beag déanta agus an bheatha bogtha, cuireann aniar arís í ina ghreamanna beaga sa mbéal, go dtugann sí do na gearraigh é. Bainne éin, thugtar ar an mbeatha seo, tá sí chomh reamhar le him meadhg agus tá dath bán uirthi. Chidhfídh tú lán guib di ag an ngealbhán giolcaighe agus nuair a fheiceas tú an ghreim bán ina bhéal aige beidh fhios agat go mbéidh na héin óga in aice leat.

Na héin a thig ar an saoghal, in airde, ins na craobhacha nó i bpollaibh na mballaí agus na gcrann, caitheann siad achar fada sa nid, go dtí go dtig neart ionnta eilteog a dhéanamh. Caithfidh na sean-éin na gearraigh a bheathú ar feadh an achair sin. Nuair a thig siad, as an nead bíonn fás maith clumhaigh, ortha agus cleitheacha. Thig an eilteog dóibh ar an gcead lá ach, ní bhíonn siad indon, aon turas fada a dhéanamh, agus ní bhíonn fonn ortha imtheacht a bhfad. Ní bhíonn coimhthigheas ná faithchíos ar cuid acu roimh an duine féin, agus feadfaidh tú teacht inaice leo, má thogruigheann tú é agus iad a thógáil i do lámha. Tá poll beag sa mballa i n-aice le fuinneog na cistinighe, is ann a bhíos nead ag an meanntáin

gorma uaireannta, agus uaireannta eile ag an meanntáin dubh. Tá béal an phuill chomh cumhang, nach bhfuil bealach ann do láimh naoidheanáin. Ní fhacamar ariamh na h-éin óga go raibh siad fásta, agus clumhach ortha, go dtáinig siad amach i néindigh, as an bpoll. An bhliain ar tógadh na meanntáin ghorma sa bpoll beag seo, sgéitheadar amach aon lá amháin, indiadh a chéile go raibh ocht gcinn acu, tagtha agus luigheadar ar fad ar thor beag fúise. Bhí comhluadar mór aca ann, agus dathanna a gclumhaigh beagnach chómh haipidh go n- aithneochá ar na dathanna iad. Ní raibh aon droch-aimhreas aca orainn ná coimhthigheas agus leigeadar dúinn iad a thógáil inar láimh. Nuair a thugeamar isteach sa teach iad, badh dóigh leat gur ann istigh a tógadh iad.

Bíonn na gilphíoba óga ar an gcuma céanna beagnach, agus na gealbháin chátha. Seasfaidh an gealbhan giolcaighe, ar do ghualainn ag ceapadh gur maide marbh thú. Chídhfidh tú na trí chinéal, ar na tuir agus ar na sgeacha, mar a bhfanann siad roinnt laetheannta, tar éis dóibh an nead a fhágáil.

Bíonn cloigeann amach as béal beag na nide, ag an ngabhlán binne agus é ag éigheamh beathadh, a bhfad sul má thigean sé an t-aer dhó fhéin. Níl sé de nós aige tuirlingt ar an talamh agus is deacair geanamhlacht a dhéanamh leis. Bíonn nead i bpoll beag ag an meanglán agus tig na cinn óga go béal an phuill, nuair a bhíos fás maith ionnta. Ní bhíonn aon comhthigheas orthu romhat, fanann siad ag béal na nide ar feadh an lae, ag breathnú amach ar an saoghal.

Nuair a fhágann dreoilíní óga a nead clúthmhar, tugann siad dlúthas na sgeach is na dtom ortha féin. Ní fhanann siad in aice na nide, chor an bith. Leanann siad an sean-éan, agus bíonn an sean-éin siubhlach, ag iarraidh greim a sholáthar do na craosairí óga. Féachann siadsan le súil a choinneál uirthé agus béidh ag imhtheacht ó thom go tom ar feadh an lae agus iad ag éigheamh a gcodach.

Tá fainleoga againn a thógas nead, gach bliain faoi'n mboimbéil i dteach an cháirr. Is leac árd é agus tá na boimbéil fiche is cúig troithe ón urlár. Tá fuinneog fhosgailte ar chaon bhinn agus tá ós cionn fiche boimbéal idir an dá bhinn. Nuair a thig na héin óga, as an nid fanann siad ar na boimbéil cúpla lá, ag imhtheacht ó mhaide go maide ag foghlaim na heilteoige. Tig na sean-éin isteach dá mbeathú. Fanann na sean-éin taobh amuich, gan aon bheatha a thabhairt do na cinn óga gceann roinnt laetheanta. Cuireann an t-ocras na cinn óga, go dtí an fhuinneog. Feiceann siad na sean-éin ar an sreang aibhléise taobh amuich, agus is gearr orthu eitheall amach agus greim cos, a fhágháil ar na sreang.

Leigeadh amach na dreoilíní easpuig, go hárd sa gcrann in bharr agus níos éirigh linn aithne a chuir ortha. D'fhanadar istigh sa nid go raibh an eilteog acu, agus bhí an nead chomh dúinte agus ceangailte chomh dlúth faoi'n gcraobh nár fheádamar breathnú isteach innte. An dá bhéal a bhí ar an nid, bhíodar go díreach faoi mhaide na craoibhe agus níor bhféidir breathnú síos ann chor ar bith. Nuair a bhíodar imthighthe, rinneamar griandealbh na nide agus nuair a chonnaiceamar an ealadhain a bhí ina déanamh. Nuair a cuimhnigheamar gurb é an t-éinín is lugha de ceoltóirí na hEorpa a rinne í. Tháinig méadú ar ár meas air fhéin.

Aiste

Ceol ag breacadh an lae.

Dreoilín deireannach

Loch Fhada na broighill.

Gleann Coirbid

Éanacha sa ngarrdha 13 Iul 33

Gabhlán binne 14 Iul 33

1929 gilphíob – an rinnce spéire
 cuach ag ceol
 dreoilín ag ceol
 spideog ag ceol
 riabhóg